Céiḃ in Acaill

Cad ċuige an ṁoill?

Sa Dáil, d'ḟiafraiġ P. Ó Loingsiġ, T.D., don Aire Talṁaíoċta agus Iascaiġ, cinnead ar obair a ṫosnú ag Pointe Dairbre Co. Ṁuiġeo, ar na aiseanna leanḋála.

D'ḟreagair C. Mac Eoċaiḋ. T.D., Aire Talṁaíoċta, go raiḃ an gnó á ḃreiṫniú i ḃfianaise an Comairle Innealtóireaċta, a fuartas ar na mallaiḃ. insan Roinn.

P. Ó Loingsiġ — Cé'n uair a dtiġ linn a ḃeiṫ ag súil le breiṫ éigin insan scéal seo, ós rud é go dtug an tAire Dlí agus Cirt nuair a ḃí sé ina Rúnaí Pairliminte, cuairt ar an áit, agus nuair adúirt sé. nuair a ḃéas an méid seo bádaí anseo, ġeoḃaiḋ siḃ an ċéiḃ. Tá na bádaí ann anois, faoi láṫair. Le déanaí, ṫug an Rúnaí Pairliminte don Aire Tailte, cuairt ar an áit. Cá ḟad a leanfar ag magaḋ faoi na daoine mar seo? An ḃfuil siḃ i ndáiríriḃ faoi ċor ar biṫ? An mbeiḋ rud ar biṫ ins na meastaċáin seo faoi. Muna mbíonn, ba ṁaiṫ liom a iarraiḋ ar an Aire a ḃeiṫ díreaċ faoi, agus a rá — Ní ḋéanfaiḋ muid rud ar biṫ faoi go dtí an ċéad meastaċán eile, toisc naċ ḃfuil airgead againn le é ḋéanaṁ anois.

Caṫal Mac Eoċaiḋ — Sé mar tá an scéal, go ḃfuil leanḋáil éisc ag dul suas, agus go ḃfuil áṫas orainn go léir faoi sin. Ba ṁaiṫ linn na aiseanna a ḃfuil an Teaċta ag tagairt díoḃṫa, a ṡoláṫar. aċ is cosúil go mbeiḋ suirḃé pollaḋ ó Oifig na nOibreaċa Poiblí, ag teastáil, agus riaċtanaisí ilġnéiṫeaċ innealtóraċta le réiṫiú, sul ar féidir linn a ṡocrú go díreaċ céard a ḋéanfar.

S. Ó Diolúin—A seaċt lena ceaṫair, go dtosnófar ar an pollaḋ roiṁ an ċéad toġaċán eile.

Scéimeanna Uisce Conamara

Sa Dáil, d'ḟiafraiġ Seán Mac Eoċagáin, T.D., don Aire Rialtas Áitiúil, conus mar atá an stáid faoi láṫair, de ṫairḃe scéim uisce réagúnaċ idir Bushypark, Gaillim, agus Uaċtar Ard, agus cé'n uair a mbeiṫ fí ag tosnú ar an obair san scéim réagúnaċ soláṫar uisce do Ċonamara Ṫeas. Sé sin ón Spidéal go Leitir Mealláin. agus an brainnse ón Spidéal go dtí Na Furbaċa.

D'ḟreagair Paid Brennan, T.D. Rúnaí Pairliminte don Aire Rialtas Áitiúla: Fuairṫeas molaḋ fá ċoinne ceapaḋ Innealtóir Comairliṫeaċ leis na pleananna a ullṁú do na scéimeanna i gConamara Ṫeas insan Roinn Rialtas Áitiúil, ar an 26-10-65, agus tá sé á scrúdú faoi láṫair ag saineolaiṫe na Roinne. Ní féidir a rá mar sin, cé'n uair a ṫosnóiḋ an obair, ar ain ċeann de na scéimeanna.

F. Ó Cuagáin, T.D. — Naċ ḃfuil an t-eolas seo le fáil ag an Ċomairle Ċondae?

Grá Tíre

Caiṫfimíd aṫḃeoú a ḋéanaṁ ar an grá tíre a ba ċeart a ḃeiṫ ionainn má tá ciall ar biṫ le cuiṁneaċán 1916, adúirt Alf Ó Muirí, Lorga, Uaċtarán Ċumann Lúṫċleas Gael. nuair a ṫug sé cuairt ar Leitir Ceanainn, agus ṫug óráid spreagúil do slua mór óna h-eagrais Gaeilge insan ḃaile. An Cumann Gaelaċ a ṫug cuireaḋ dó a ṫeaċt, agus labair sé san ġairmscoil i nGaeilge, agus na ḋéiḋ sin i mBéarla.

Oileáin Árann

Sa Dáil, d'ḟiafraiġ F. Ó Cuagáin, T.D., don Aire Airgeadais, cé'n uair atá sé measta go dtosnóiḋ an obair ar ṫógáil scoil nua ag Eaṁnaċt, Oileán Árann, Co. na Gaillime.

D'ḟreagair S. Mac Giobúin, T.D.. go mbeiṫeá a' lorg tairiscintí don scoil nua i gceann seaċtaine.

F. Ó Cuagáin — Fuair mé an freagra céanna i mí Lúnasa seo caite, agus ba ṁaiṫ liom a ḟáil amaċ cad ċuige an ṁoill.

Agóid fa Telefís Gallda

Ċuir Comairle Baile Ḃéal Áṫ' na Slua rún i ḃfeiḋm Dé Máirt seo caite, ag déanaṁ agóid i gcoinniḃ ċom gallda agus a ḃí clár Ṫelefís Éireann, agus naċ raḃar ag taḃairt coṫrom na féinne do cúrsaí Gaeilge.

Má' Cuilinn

Sa Dáil, d'ḟiafraiġ S. Mac Eoċagáin, T.D., don Aire Rialtas Áitiúil, an dtug sé údarás fós fá ċoinne scéim séaraċais do Má' Cuilinn. Co. na Gaillime, agus cé'n uair a ḃéas an obair ag tosnú. Páid Ó Braonáin — Níor cuireaḋ tuarascáil an Ċomairliṫeora os comair na Roinne go fóill. Dúirt sé go raiḃ móḋ nua do láiṁseáil an séaraċas á ḃreiṫniú agus go ḃféadfaḋ sé airgead a ṡáḃáil. Mar sin, ní ḟéadfaḋ sé a rá cé'n uair a ṫosnófaí ar an obair.

Gaoṫ Bearra

Tá an bealaċ ó Beaċ Mór, Gleann Leiṫín, le cóiriú le ceangal le bealaċ na Gleanntaí, Ḃaile na Finne, in aice le caraiḋ an Comairle Condae, ag teaċ Dónal Ó Braonáin, agus ó sin ag an bealaċ condae go dtí teaċ Phil Uí Ġallċoḃair agus le draenáil fósta.

I Leitir Ṁic a' Ḃáird, taoḃ ṫuaiḋ den trá, agus ó ṫuaiḋ go dtí teaċ Antoine Mac Aoḋa. ṫart an cósta go dtí teaċ Ṡéamuis Ṁic Ruaiḋrí, agus go geata teaċ Ṡeáin Uí Ḃaoill, le cóiriú. Ag Galḃaile, Leitir Ṁic a' Ḃáird táṫar le deisiú a ḋéanaṁ ar an bóṫar aise agus portaí ón bealaċ condae ó teaċ Ṡeosaiṁ Giḃín, go dtí an bealaċ mór os coinne Loċ Mac Aoḋa. Tá deontas le caiṫeaṁ ar an 30 péirse deireanaċ den ḃealaċ.

Na Scadáin

Tá iascaireaċt na scadán go maiṫ fá'n taoḃ ṫeas de Ḋún na nGall, agus ins na Cealla Beaga in aon seaċtain aṁáin, cuireaḋ 2.000 crann i dtír. Tá cuma air go mbeiḋ séasúr íontaċ maiṫ scadán ann i mbliana. Tá na scadáin ḟéin beag agus measċaiṫe leo siaṫáin. Cuireaḋ cuid ṁaiṫ dár tógaḋ insan ṁonarca min-éisc ag £11-10-0 an tonna. Díolaḋ roinnt ṁaiṫ den last seo ag 63s. an cran de réir mar atá socraiṫe ag Cumann Iascairí na gCealla Beaga, agus ó sin suas go dtí £5 an cran.

I gcuan Rosbeag, a fuarṫas na scaoṫanna seo ar tús. Agus an ċéad dá ḃád a ċur last i dtír —Carraig Úna (Séamas Tulaiġ, an caiptín) agus An Lustre (S. Ó Baoill an caiptín).

Tá cuma air go ḃfuil na scadáin ag druidim isteaċ bealaċ Trá Ḋéanaċ, áit naċ raiḃ siad le leiṫ-ċéad bliain roiṁe.

Nuair a ḃí siad ann, ḃí sé ar ċeann de na blianta iascaireaċta ab' ḟearr a ḃí riaṁ ar ċósta Ḋún na nGall.

Tionscail do Rinn Mór

Sa Dáil, d'ḟiafraiġ F. Ó Cuagáin, T.D., don Aire Tionscail agus Tráċtála cé'n uair a ḃunófaí Runwell Electronics Industries, ag Rinn Ṁór?

D'ḟreagair an tUasal Ó hIrġile, T.D., Aire Tionscail agus Tráċtála, gur ṫuig sé go raiḃ dul ċun cinn insan scéal seo ag braṫ ar céard a ḋéanfaḋ na tionsclóirí a ḃí á molaḋ. Ní raiḃ eolas ar biṫ aige san am i láṫair, cé'n uair a ċuirfí an tionscail ar bun.

F. Ó Cuagáin—An ḃfuil ḟios ag an Aire gur tugaḋ an suíoṁ do na daoine seo dá ḃliain ó ṡin, agus go ḃfuil eolas maiṫ i gcaṫair na Gaillime anois naċ mḃfuil sé ar intinn acu an tionscail a ḃunú anseo ċor ar biṫ.

An Dr. Ó hIrġile—Mar adúirt mé tá sé ag braṫ ar na tionsclóirí. Ní ṫionscail stáit é.

F. Ó Cuagáin—Níl aon dul ċun cinn.

An Dr. Ó hIrġile — Sin ċeist príoḃáideaċ.

F. Ó Cuagáin — Tá airgead poiblí i gceist.

An Dr. Ó hIrġile — Níl, muna gcuireann siad ar bun é.

Baile na Finne

Tá cuma air go mbeiḋ geiṁriḋ crua sa ċeantar seo. Tá sneaċta ar na cnoic'ṫart timpeall anseo le coicís anuas, agus cuma air, an méid atá fágṫa go ḃfuil sé ag fanaċt le tuilleaḋ. Tá na feirmeoirí ag taḃairt a gcuid caoraċ aḃaile. ċuig na baiċí lena gcoinneáil ṫart fán teaċ ar eagla roiṁ an sneaċta.

Ní raiḃ aonaċ ar biṫ i mBaile na Finne an ṁí seo. Ní raiḃ eallaċ ar biṫ ar tairiscint, nó ceannaiṫeoirí ann. Tá sé na nós anois ag ceannaiṫeoirí dul ṫart frid na tíṫe agus an méid daoine barraíoċt ina muinín. B'ḟearr le gaċ duine an t-aonaċ a ḃeiṫ ann.

Tá an bealaċ mór portaí ó teaċ Miċeál Mac Ḟloinn, go dtí portaċ Liam Mac na Mí, le deisiú, agus draenáil a ḋéanaṁ air faoi deontas ó scéim na min-oibreaċa poiblí. Tá bealaċ portaí eile le cóiriú idir Mín Ríaċ ó teaċ S. Ó Geallán, agus draenáil le déanaṁ air fosta.

Bealaċ eile atá le cóiriú ag Baile na Finne, i Mín Mór Ṫoir. siar ó ṫuaiḋ go teaċ Donnċa ó teaċ Conċuḃar Mac Giolla, Mac Daiḃéid, agus ansin ó ṫuaiḋ go teaċ Pádraic Ṁic Giolla agus teaċ Ṡeáin Uí Ċnáimsí, ag Mín Doiṁin.

Géarġa le Fánain i gConamara

Sa Dáil, d'ḟiafraiġ F. Ó Cuagáin, T.D., don Aire Airgeadais, an raiḃ ḟios aige go raiḃ géarġá an ṁór le tógáil fánán fá ċoinne bailiú feamainne ar cósta ṫiar na Gaillime, agus céard a ḃí sé a ḋéanaṁ faoin scéal.

D'ḟreagair S. Ó Giobúin, T.D. Rúnaí Pairliminte don Aire Airgeadais nárḃ eol dó gur seo mar ḃí. Dúirt sé go dtugann an Oifig Scéimeana Speinsialta Oibreaċais. údarás fá ċoinne deontaisí i gcásanna áiṫrid má molann an Roinn Talṁaíoċta é. Ṫug siad deontas le déanaí fá ċoinne obair deisiúċáin ag Dolan' Pier, in Aille Breac agus ḃí socraiṫe idir láṁa leis an obair a ṫosnú. Ní raiḃ aon ċás eile ó Gailliṁ Ṫiar, os a ċomair.

Má ṫugann an Teaċta min-ḟáisneis dom faoi cásanna ar biṫ atá i gceist aige, féaċfaiḋ mé isteaċ san scéal—adúirt an tUasal Mac Giobúin. Ba ċeart dom a rá áfaċ, ar eisean, go mbaineann scéimeanna den tsagas seo insan Ġaeltaċt. le Aire na Gaeltaċta, agus gur leis san ba ċeart iad a tógáil.

Dipeál Caoraċ

Críoḃnaíoḋ an dara séasúr dipeála fá ċoinne caoraċ ar an lá deireanaċ den ṁí seo. Tá an ċéad séasúr ón 1ú lá de Iúl go dtí an 7ú lá de Lúnasa. agus an dara séasúr ón 1ú lá de Ḋeire Fóṁair go dtí an 30ú Samain. Níl aċ coicís den tréiṁse seo fágṫa anois, agus ba ċeart do feirmeoirí aċan áit a ḋéanaṁ cinnte go ndéanfar dipeáil ar na caoirí uilig. Le caoirí a díol na ḋiaiḋ sin, caiṫfear teastas a ḃeiṫ ann gur dipeáileaḋ iad.

Bíonn cailliúint trom aċan bliain ó gearḃ na gcaoraċ. Caiṫfear iarraċt an ṁór a ḋéanaṁ le deireaḋ a ċur leis.

Cuiṁneaċán Tomáis Dáiḃis

Tófar an dealḃ cuiṁneaċán de Tomás Dáiḃis i mBaile Áṫa Cliaṫ an bliain seo ċugainn — d'inis S. Ó Giobúin do Risteárd Ó Riain, T.D., sa Dáil, an tseaċtain seo caite. Tógfar é i Faiṫċe an Ċoláiste, in áit ar leagaḋ an dúsraiṫe in 1945. San am i láṫair, tá an dealḃ dá leagan amaċ i gcreaṁa. Béiḋ sé ar áiléar árdaiṫe 55 troiġ le 18' 9", áit a mbeiḋ linn cruinn le dealḃ de na hÉireannaiġ óga. Tugaḋ amaċ an conraḋ den obair tógála agus tá an obair cloiċe idir láṁa san am i láṫair. Meastar go gcosnóiḋ an scéim ar fad £50,000.

Deardaoin — 5.01, Ean Orga Tir An Eidhneain. 5.15, Ceol Rince. 5.30, Three Irish Poets. 5.55, Weather Forecast. 6.00, The Angelus. 6.01, Nuacht Agus Caint Na Deardaoine. 6.20, Announcements. 6.25, Here's The Doctor. 6.30, News. 6.45, Fleadh Ceoil An Radio. 7.15, Requests From The Irish Troops Overseas. 7.30, Innis An Fhirinne. 8.01, Light Music Week. 8.30, Between Ourselves. 9.01, Alice. 9.45, Sceal Nua Ar An Seansceal. 10.00, Nuacht. 10.15 News. 10.30, Today In The Dail. 10.45, Recital. 11.30, News Summary.

Dé hAoine—5.01, Cantairi Oga Atha Cliath. 5.15, O'Connell's Schools Accordeon Band. 5.30, Dombey And Son. 5.55, Weather Forecast. 6.00, The Angelus. 6.01 Nuacht Agus Caint Na hAoine. 6.20, Announcements. 6.25, Focal On Dochtuir. 6.30, News. 6.45, Sports Stadium. 7.30, Tommy O'Brien And His Records. 8,01. Flow On, Lovely River. 8.15, A Munster Journal. 8.45, Cuairt Ar Oilean Cleire. 9.01, Symphony Concert. 10.00, Nuacht. 10.15, News. 10.30, Ad Lib. 11.30, News Summary.

Dé Sathairn — 3.01, Rugby — Munster v. Leinster. 4.15, (approx.) After The Match. 4.30, Red Nichols And His Five Pennies. 5.01, Piano Tunes. 5.15, Junior Sports Magazine. 5.55, Weather Forecast. 6.00, The Angelus. 6.01 Nuacht Agus Caint An tSathairn. 6.20, Announcements. 6.30, News. 6.45, Who's News? 7.15, A Piper's Choice. 7.45, This Week At The United Nations. 8.01, Dear Sir Or Madam. 8.30, The Maureen Potter Show. 9.01, Invitation Concert. 10.00, Nuacht. 10.15, News. 10.30, Ceili House. 11.30 News Summary.

Dé Domhnaigh — 10.30, Mass. 11.15, Signpost. 12.30, The Church In The World. 1.00, The Maureen Potter Show. 1.30, News. 1.35, Provincial News Round-Up. 2.00 Town Hall Tonight. 2.45, Topic. 3.15, Ceolta Tire. 3.30, The Inheritance. 4.30, A Lovely City. 5.00, Ceol Do Phaisti. 5.30, Down The Country. 5.55, Weather Forecast. 6.00, The Angelus. 6.01, Nuacht Anall, Nuacht Abhus. 6.25, Appeal. 6.30, News. 6.40, Sports Time. 7.10, An Sagart Linn. 7.15, Seventeen Club. 8.00, The Critic. 8.55, Riverside Serenade. 9.30. The Years Of The Great Test. 10.00, News. 10.15, Newspoint. 10.35, Music Of The Nation. 11.05 Recital. 11.35, G.A.A. Results. 11.40, News Summary.

Dé Luain — 5.01, Out of Doors. 5.15, Records For Children. 5.30, Dombey And Son. 5.55 Weather Forecast. 6.00, The Angelus. 6.01, Nuacht Agus Caint An Luain. 6.20, Announcements. 6.30, News. 6.45, Ireland's Top Ten. 7.15, Annso Is Annsud Sa Mhumhain. 7.30, Fleadh Ceoil An Radio. 8.01, Holiness Of Monks And After . . . 8.30, The Golden Age Of Irish Art. 8.45, Modern Anthology. 9.01, Aeriris. 9.30, Field And Farmhouse. 10.00, Nuacht. 10.15, News. 10.30, Serenade In The Night. 10.45, City Newsreel. 11.30, News Summary.

Dé Mairt — 5.01, T a m m y Troot's Hen Party. 5.15, Records For Children. 5.30, Mol An Oige. 5.55, Weather Forecast. 6.00, The Angelus. 6.01, Nuacht Agus Caint Na Mairte. 6.20, Announcements. 6.30, News. 6.45, Requests From Overseas. 7.15, This Is Your Business. 7.45, The Smile And The Tear. 8.01, A Woman's World. 8.30, At The Villa Rose. 9.01, Symphony Concert. 10.00, Nuacht. 10.15, News. 10.30, Today In The Dail. 10.45, Come All Ye Loyal Heroes. 11.30, News Summary.

Dé Ceadaoin — 5.01, Trotaway. 5.15, Records For Children. 5.30, Junior Journal. 5.55, Weather Forecast. 6.00, The Angelus. 6.01, Nuacht Agus Caint Na Ceadaoine 6.20, Announcements. 6.30, News. 6.45, Take The Floor In Belfast. 7.30, Break For Music. 8.01, Gardening Magazine. 8.30, Farmers' Forum. 9.01, The Radio Eireann String Quartet. 9.45, Guth Aduaidh 10.00, Nuacht. 10.15, News. 10.30 Today In The Dail. 10.45, And Then Came Sound. 11.00, Pop Call. 11.30, News Summary.

Taoide Barrlán

Figiúirí fé 12 ar maidin; os cionn 12 tráthnóna.

Dáta	Ard Na Caithne		Carna		Ára Mhór	
20-11-65	3.32	15.48	2.49	15.05	1.34	14.05
21	4.20	16.37	3.37	15.54	2.25	14.54
22	5.03	17.22	4.20	16.39	3.11	15.37
23	4.43	18.03	5.00	17.20	3.53	16.17
24	6.22	18.44	5.39	18.01	4.33	16.54
25	6.58	19.24	6.15	18.41	5.11	17.29
26	7.34	20.03	6.51	19.20	5.47	18.03

Muintir na Gaeltachta a d'fhoillsigh. "Democrat", Tír Chonaill, Clóbhualadh.